Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2024/4293

15.7.2024

**Breithiúnas na Cúirte (an Dara Dlísheomra) an 30 Bealtaine 2024 (iarraidh ar réamhrialú ón Tribunale Amministrativo Regionale per il Lazio – an Iodáil) – Expedia Inc. v Autorità per le Garanzie nelle Comunicazioni**

**(Cás C-663/22,** [1] **Expedia)**

***(Tarchur chun réamhrialú – Rialachán (AE) 2019/1150 – Airteagail 15, 16 agus 18 – Sprioc – Iarratas – Maoirseacht – Athbhreithniú – Bearta arna nglacadh ag Ballstát – Oibleagáid faisnéis a sholáthar maidir le staid eacnamaíoch soláthraí seirbhísí idirghabhála ar líne)***

(C/2024/4293)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Tribunale Amministrativo Regionale per il Lazio

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Expedia Inc.

*Cosantóir:* Autorità per le Garanzie nelle Comunicazioni

**An chuid oibríochtúil**

Maidir le Rialachán (AE) 2019/1150 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le cothroime agus trédhearcacht a chur chun cinn d’úsáideoirí gnó a bhaineann úsáid as seirbhísí idirghabhála ar líne,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

ní thugtar bonn cirt, d’fhonn an Rialachán sin a chur i bhfeidhm go cuí agus go héifeachtach, le bearta arna nglacadh ag Ballstát faoina mbeidh, faoi réir pionóis, soláthraithe seirbhísí idirghabhála ar líne faoi réir na hoibleagáide, d’fhonn a seirbhísí a sholáthar sa Bhallstát sin, doiciméad a sheoladh go tréimhsiúil chuig údarás de chuid an Bhallstáit sin a bhaineann lena staid eacnamaíoch, ar doiciméad é nach mór faisnéis fhorleathan a thabhairt ann a bhaineann, go háirithe, leis an ioncam a ghineann na soláthraithe sin.

---

[1] IO C 63, 20.2.2023.